

## **Alt 12 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)**

### **Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú)**

#### **Fógra faoi Athruithe Ábhartha Molta ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028**

Tugtar fógra leis seo go bhfuil cinneadh déanta ag Comhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman, tar éis dóibh Dréachtphlean Forbartha Contae Loch Garman 2022 – 2028 agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí agus ar na tuairimí a fuarthas maidir leis an Dréachtphlean a bhreithniú de réir Ailt 12 (6) agus (7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), go leasófar an Dréachtphlean Forbartha. Athruithe Ábhartha ar an Dréachtphlean atá sna leasuithe molta.

Tá measúnú déanta ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an gcomhshaol de bharr chur i bhfeidhm na nAthruithe Ábhartha Beartaithe. Socraíodh go raibh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) de dhíth ar Athruithe Ábhar Beartaithe ar leith. Socraíodh freisin go raibh Measúnacht Chúí (MC) de dhíth ar Athruithe Ábhartha Beartaithe ar leith.

De réir Alt 12(7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), beidh na Cinntí, cóip de na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Dréachtphlean, an Tuarascáil Timpeallachta MST (lena n-áirítear faisnéis ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an Dréachtphlean) agus an Tuarascáil Tionchair MC Natura ar fáil do iniúchadh poiblí **ón Déardaoin, an 7 Aibreán 2022 go dtí Dé hAoine, an 6 Bealtaine 2022**, an dá lá san áireamh, ag na láithreacha seo a leanas:

1. Ar Thairseach Comhairliúcháin Ar Líne Chomhairle Contae Loch Garman

<https://consult.wexfordcoco.ie/>

2. Na láithreacha thíos le linn gnáthuaireanta oscailte. Déan teagmháil le do thoil leis an oifig/leabharlann poiblí lena baineann maidir leis na huairanta oscailte mar is féidir leo athrú.

Tabhair faoi deara freisin le go gcoinneofar na socruithe maidir leis an taispeántas poiblí agus leis na huairanta oscailte faoi athbhreithniú i bhfianaise threoir an Rialtais atá ag teacht chun cinn i leith bainistiú an Covid-19 agus d'fhéadfadh go n-athrófaí iad más gá de bharr imthosca a mbaineann leis an Covid-19.

Suíomh	Uaireanta Oscailte	Déan Teagmháil le
An Roinn Pleanála, Bloc B, Comhairle Contae Loch Garman, Halla an Chontae, An Charraig Leathan, Baile Loch Garman, Y35 WY93.	Luan go hAoine (seachas Laethanta Saoire Poiblí) 9.00rn go 1.00in agus 2.00in go 4.00in (Sos lóin 1in go 2in).	Guthán: 053 9196101 rPhost: <a href="mailto:planning@wexfordcoco.ie">planning@wexfordcoco.ie</a>
Leabharlann Phoiblí Bhaile Loch Garman, Sráid Uí Mhealláin, Loch Garman, Y35 AY20.	Dé Luain, Dé Céadaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn 10.30rn – 5.30in.  Dé Máirt agus Déardaoin 10.30rn go 9in.  Tabhair faoi deara: Tá an leabharlann dúnta ar an Satharn agus ar an Luan de dheireadh seachtaine Saoire Bainc.	Guthán: 053 9196760 rPhost: <a href="mailto:wexfordlib@wexfordcoco.ie">wexfordlib@wexfordcoco.ie</a>
Leabharlann Phoiblí Bhaile Ghuaire, Cearnóg Chathartha Guaire, An Ascaill, Guaire, Co. Loch Garman Y25 WK37.	Dé Luain agus Dé Sathairn 10.30am to 5.30pm (Sos Lóin 1in go 2in).  Dé Céadaoin agus Dé hAoine 10.30rn go 5.30in  Dé Máirt agus Déardaoin 10.30rn go 9in  Tabhair faoi deara: Tá an leabharlann dúnta ar an Satharn agus ar an Luan de dheireadh seachtaine Saoire Bainc.	Guthán: 053 9483820 rPhost: <a href="mailto:goreylib@wexfordcoco.ie">goreylib@wexfordcoco.ie</a>
Leabharlann Phoiblí Bhaile Inis Córthaidh, Bóthar Lymington, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. Y21 AD92.	Dé Luain agus Dé Sathairn 10.30rn go 5.30in (Sos Lóin 1in go 2in).  Dé Máirt, Dé Céadaoin agus Dé hAoine 10.30rn go 5.30in.  Déardaoin 10.30rn go 8.30in.	Guthán: 053 9236055 rPhost: <a href="mailto:enniscorthylib@wexfordcoco.ie">enniscorthylib@wexfordcoco.ie</a>

	Tabhair faoi deara: Tá an leabharlann dúnta ar an Satharn agus ar an Luan de dheireadh seachtaine Saoire Bainc.	
Leabharlann Phoiblí Bhaile Ros Mhic Thriúin, Lána na Beairice, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman. Y34 NW56.	Dé Luain agus Dé Sathairn 10.30rn go 5.30in (Sos Lóin 1in go 2in)  Dé Máirt 10.30rn go 8.30in.  Dé Céadaoin, Déardaoin agus Dé hAoine 10.30rn go 5.30in.  Tabhair faoi deara: Tá an leabharlann dúnta ar an Satharn agus ar an Luan de dheireadh seachtaine Saoire Bainc.	Guthán: 051 421877 rPhost: newrosslib@wexfordcoco.ie
Leabharlann Phoiblí Bhaile Bhun Clóidí, Coill an Mhuilinn, An Charraig Dhubh, Bun Clóidí, Co. Loch Garman. Y21 E970.	Dé Luain, Dé hAoine agus Dé Sathairn 10.30rn go 5.30in (Sos Lóin 1in go 2in).  Dé Máirt agus Dé Céadaoin 10.30rn go 5.30in.  Déardaoin 10.30rn go 9in.  Tabhair faoi deara: Tá an leabharlann dúnta ar an Satharn agus ar an Luan de dheireadh seachtaine Saoire Bainc.	Guthán: 053 9375466 rPhost: bunclodylib@wexfordcoco.ie

### **Bíodh cead cainte agat**

Tugtar cuireadh d'aighneachtaí nó tuairimí scríofa maidir leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Dréachtphlean Forbartha Contae, an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (lena n-áirítear faisnéis ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an Dréachtphlean) agus an Measúnú Cuí amháin ón bpobal agus ó gheallsealbhóirí eile le linn na tréimhse **ón Déardaoin, an 7 Aibreán 2022, go dtí 4.00in Dé hAoine, an 6 Bealtaine 2022.**

## Conas Aighneacht nó Breathnú Scríofa a Dhéanamh

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí scríofa a dhéanamh:

- **Ar líne** trí Thairseach Comhairliúcháin Ar Líne na Comhairle Contae <https://consult.wexfordcoco.ie/>
- **Trí rPhost** ag [countydevelopmentplan@wexfordcoco.ie](mailto:countydevelopmentplan@wexfordcoco.ie)
- **Mar chóip crua** a sheoladh chuig:  
Pleanáil Chun Cinn, An Roinn Pleanála, Bloc B, Comhairle Contae Loch Garman, Halla an Chontae, An Charraig Leathan, Loch Garman, Y35 WY93.  
Ba cheart 'Athruithe Ábhartha ar Dhréachtphlean Forbartha Contae Loch Garman 2022 – 2028' a mharcáil ar na haighneachtaí agus ar na tuairimí scríofa seo.

### TABHAIR FAOI DEARA:

- Déan d'aighneacht scríofa nó do thuairim a chur isteach i meán amháin, sé sin, ar líne, trí ríomhphost nó mar chóip chrua.
- Luaigh an Uimhir/Uimhreacha Tagartha ábhartha maidir le hAthrú Ábhar Beartaithe i d'aighneacht nó do thuairim scríofa.
- Cuir léarscáil ar fáil má tá tagairt á dhéanamh agat do shuíomh nó do ghnéithe ar leith.
- Ní ghlacfar ach le haighneachtaí scríofa nó le tuairimí maidir leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe, an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (lena n-áirítear faisnéis ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an Dréachtphlean) nó an Mheasúnacht Chuí a fuarthas le linn na tréimhse **ón Déardaoin, 7 Aibreán 2022 go dtí 4.00in Dé hAoine, an 6 Bealtaine 2022** sula gcuirfear an Plean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028 le chéile. **Ní ghlacfar le haighneachtaí nó le tuairimí déanacha.**
- Agus aighneacht scríofa nó tuairim á déanamh agat, ba cheart duit d'ainm, do sheoladh agus do shonraí teagmhála a chur ar fáil. Má tá aighneacht/tuairim i scríbhinn á déanamh agat thar ceann eagraíochta nó comhlachta éigin, cuir ainm, seoladh agus sonraí teagmhála na heagraíochta/an chomhlachta sin ar fáil.

### RGCS/Sonraí Pearsanta

Cuireann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) an dualgas ar Údarás Pleanála cuireadh a thabhairt d'aighneachtaí agus tuairimí scríofa le linn ullmhú na bpleananna forbartha reachtúla.

Éilíonn an tAcht freisin ar an Údarás Pleanála (a) na haighneachtaí agus na tuairimí seo a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin; (b) ainmneacha na ndaoine/na gcomhlachtaí a rinne aighneachtaí nó tuairimí a liostú i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh do Chomhaltaí Chomhairle Contae Loch Garman; agus (c) an tuarascáil sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Contae. Dá réir sin, foilseofar d'aighneacht nó do thuairim mar aon le d'ainm ar

shuíomh Gréasáin na Comhairle, agus foilseofar d'ainm sa chóip chrua agus sa leagan ar líne de thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

Éilíonn an tAcht Pleanála ar an Údarás Pleanála aighneachtaí agus tuairimí scríofa ar leith a chur chuig an Aire chomh maith. Is féidir d'aighneacht/tuairim scríofa, mar aon le d'ainm agus do sheoladh, a chur chuig an Aire mar is gá.

Seachas sin, bailítear an fhaisnéis (sonraí) phearsanta a tagann as próisis an chomhairliúcháin (lena n-áirítear sonraí pearsanta íogaire) chun críche aighneachtaí agus tuairimí a fháil agus déileáil leo agus tá gach sonraí a bhailítear faoi réir ráitis na príobháideachta de chuid Chomhairle Contae Loch Garman.

Is féidir cóipeanna den Dréachtphlean agus de na doiciméid um Athruithe Ábhartha Molta a cheannach ón Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Loch Garman, Halla an Chontae, An Charraig Leathan, Baile Loch Garman, Y35 WY93. Déan teagmháil leis an Aonad um Sheirbhís do Chustaiméirí Pleanála ag 053 9196101 le haghaidh tuilleadh sonraí agus le haghaidh aon cheisteanna eile a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis an gcéim seo de phróiseas ullmhúcháin an phlean.